An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 17 Deireadh Fómhair 2024**
**(OR. en)**

**EUCO 25/24**

**CO EUR 20**
**CONCL 5**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (17 Deireadh Fómhair 2024) – Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

## I. AN ÚCRÁIN

1. Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle Eorpach le hUachtarán na hÚcráine.

2. Phléigh an Chomhairle Eorpach gach gné de chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus rinne sí athbhreithniú ar an dul chun cinn atá déanta maidir le tacaíocht chuimsitheach an Aontais don Úcráin agus do mhuintir na tíre sin agus a ceart bunúsach féinchosanta á fheidhmiú aici.

3. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach an géarcháineadh a rinne sí ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, ar sárú follasach é ar Chairt na Náisiún Aontaithe, agus athdhearbhaíonn sí go dtacaíonn sí i gcónaí le neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha mar a aithnítear go hidirnáisiúnta iad. Athdhearbhaíonn sí freisin go bhfuil rún daingean ag an Aontas Eorpach leanúint de thacaíocht pholaitiúil, airgeadais, eacnamaíoch, dhaonnúil, mhíleata agus taidhleoireachta a thabhairt don Úcráin agus dá muintir a fhad agus a mhéad is gá. Ní ligfimid don Rúis an svae a bhreith léi.

4. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go dtacaíonn sí le síocháin chóir chuimsitheach mharthanach arna bunú ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus an dlí idirnáisiúnta, i gcomhréir le príomhphrionsabail agus príomhchuspóirí Phlean Síochána na hÚcráine. Mar obair leantach ar an gCruinniú Mullaigh maidir leis an tSíocháin san Úcráin, leanfaidh an tAontas Eorpach agus na Ballstáit dá ndian-iarrachtaí domhanda for-rochtana chun an tacaíocht idirnáisiúnta is leithne a fhorbairt agus na céimeanna chun cinn a shainaithint. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé a thuiscint nach féidir aon tionscnamh faoin Úcráin a chur ar bun gan an Úcráin í féin a bheith páirteach ann. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith dlúthpháirteach san ábhar seo agus in aon chomhiarrachtaí idirnáisiúnta breise a dhéanfar. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur tionóladh an Cruinniú Mullaigh idir an Úcráin agus Oirdheisceart na hEorpa an 9 Deireadh Fómhair 2024 in Dubrovnic.

5. Rinne an Chomhairle Eorpach athbhreithniú ar an obair atá déanta chun tacaíocht mhíleata a chur ar fáil don Úcráin. Iarrann sí ar an gComhairle bailchríoch a chur go pras ar an obair maidir leis na bearta cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána, a bheidh ina ndreasú breise tacaíocht mhíleata a chur ar fáil don Úcráin. Iarrann an Chomhairle Eorpach go gcuirfí dlús go pras leis an tacaíocht mhíleata agus go gcuirfí dlús lena seachadadh, go háirithe córais aerchosanta, armlón agus diúracáin, rudaí a bhfuil géarghá leo chun daonra agus bonneagar criticiúil fuinnimh na hÚcráine a chosaint, agus leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé an tacaíocht do thionscal cosanta na hÚcráine a mhéadú. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach freisin an dul chun cinn a rinneadh maidir le síneadh ama a chur le sainordú Mhisean Cúnaimh Mhíleata an Aontais Eorpaigh, tugann sí dá haire an obair atá ar siúl faoi láthair san athscrúdú straitéiseach atá á dhéanamh air agus iarrann sí ar an gComhairle sainordú nuashonraithe a ghlacadh go pras.

6. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé cloí leis an ngealltanas a tugadh ag Cruinniú Mullaigh G7 in Apulia tuairim is EUR 45 bhilliún (USD 50 billiún) a chur ar fáil, in éineacht le comhpháirtithe G7, faoi dheireadh na bliana chun tacú le riachtanais mhíleata, bhuiséadacha agus atógála na hÚcráine faoi láthair agus amach anseo. I ndáil leis an méid sin, iarrann sí ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún dul i dteagmháil leis an Úcráin maidir le gach ceann de na riachtanais sin. Faoi réir dhlí an Aontais, ba cheart go leanfadh sócmhainní na Rúise de bheith blocáilte go dtí go gcuirfidh an Rúis deireadh lena cogadh foghach ar an Úcráin agus go gcúiteoidh sí í as an damáiste atá déanta de dheasca an chogaidh sin. Agus lánurraim á tabhairt do bheartas slándála agus cosanta Ballstát áirithe, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an comhaontú ar thángthas air maidir le hioncam urghnách a eascraíonn as sócmhainní blocáilte na Rúise a úsáid, agus go leanfaí d’aghaidh a thabhairt ag an am céanna ar na gnéithe dlíthiúla agus airgeadais ábhartha uile. Beidh sé d’aidhm aici comhroinnt chothrom an ualaigh agus dlúthpháirtíocht a áirithiú le comhpháirtithe G7 agus leis na Ballstáit sin is mó a bhfuil rioscaí airgeadais agus dlíthiúla acu.

7. Agus an tacaíocht mhíleata á soláthar, tabharfar lánurraim do bheartas slándála agus cosanta Ballstát áirithe agus cuirfear leasanna slándála agus cosanta na mBallstát uile san áireamh.

8. Cáineann an Chomhairle Eorpach go láidir an tuairgneáil gan stad atá á déanamh ag an Rúis ar bhonneagar criticiúil fuinnimh agus sibhialtach na hÚcráine. Tacaíonn sí leis na hiarrachtaí uile, idir phoiblí agus phríobháideach, atá á ndéanamh chun slándáil fuinnimh na hÚcráine a neartú ar bhonn práinne roimh an ngeimhreadh agus chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais láithreacha atá ag muintir na hÚcráine, idir dhaonnúla agus chosanta sibhialta, agus, ag an am céanna, chun córas fuinnimh na hÚcráine a dhéanamh níos athléimní san fhadtéarma. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé a thuiscint nach nglacfar le haon ghníomhaíocht a chuirfeadh sábháilteacht agus slándáil na saoráidí núicléacha i mbaol agus is díol sásaimh di na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach faireachán a dhéanamh ar an staid mar atá agus cuidiú leis an tsábháilteacht agus an tslándáil núicléach a chaomhnú. Sa chomhthéacs sin, iarrann sí go ndéanfaí córas fuinnimh na hÚcráine a chomhtháthú a thuilleadh le heangach fuinnimh an Aontais, agus go ndéanfaí gníomhaíocht nithiúil chuige sin. Aithníonn an Chomhairle Eorpach an ról tábhachtach atá ag Ballstáit an réigiúin chomharsanaigh.

9. Cáineann an Chomhairle Eorpach scriosadh bhonneagar na gcalafort agus na hionsaithe ar longa tráchtála. Is oth léi an úsáid atá á baint as an mbia mar uirlis troda, rud a dhéanann dochar don tslándáil bia ar fud an domhain agus a mbíonn tionchar aige ar dhaoine leochaileacha agus ar na réigiúin is mó atá i ngátar.

10. Is cúis mhór imní don Chomhairle Eorpach na tuairiscí gur chuir fórsaí na Rúise príosúnaigh chogaidh Úcránacha chun báis. Leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí an dlí daonnúil idirnáisiúnta, lena n-áirítear an chaoi a gcaitear le príosúnaigh chogaidh, a urramú i gcónaí. Ní féidir aon choir a fhágáil gan phionós.

11. Tá an tAontas Eorpach réidh i gcónaí chun cumas feartha cogaidh na Rúise a theorannú a thuilleadh, lena n-áirítear trí bhíthin smachtbhannaí breise agus, mar a iarradh agus i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach ó mhí Aibreáin 2024, trí tharaifí allmhairiúcháin a ghearradh ar tháirgí talmhaíochta na Rúise agus na Bealarúise. Iarrann an Chomhairle Eorpach an athuair go ndéanfaí na smachtbhannaí a fhorfheidhmiú go hiomlán agus go héifeachtach agus go ndéanfaí bearta breise chun nach mbeifear in ann dul timpeall orthu, lena n-áirítear trí thríú tíortha.

12. Cáineann an Chomhairle Eorpach go láidir an tacaíocht leanúnach atá á tabhairt ag tríú tíortha do chogadh foghach na Rúise agus tathantaíonn sí ar na tíortha sin deireadh a chur le gach cúnamh. Áirítear leis sin ní hamháin tacaíocht mhíleata dhíreach ach soláthar earraí dé-úsáide agus earraí íogaire a chothaíonn bonn tionsclaíoch míleata na Rúise freisin. I gcomhar lena chomhpháirtithe idirnáisiúnta, thug an tAontas Eorpach freagra mear ar an mbagairt sin ar shlándáil na hEorpa agus ar an tslándáil dhomhanda, lena n-áirítear le pacáiste nua de bhearta sriantacha suntasacha i gcoinne na hIaráine, lena ndearnadh daoine aonair agus eintitis a ainmniú a bhfuil baint acu le cláir diúracán balaistíoch agus ladrann na hIaráine.

13. Leanann an tAontas Eorpach de bheith tiomanta tacú le deisiú, téarnamh agus atógáil na hÚcráine, i gcomhar leis na comhpháirtithe idirnáisiúnta. Is í an Iodáil a óstálfaidh an chéad Chomhdháil eile ar Théarnamh na hÚcráine i mí Iúil 2025.

14. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag obair i ndlúthchomhar leis an Úcráin agus tacóidh sé lena hiarrachtaí athchóiriúcháin agus í ar a conair Eorpach.

15. Leanann an tAontas Eorpach dá thiomantas tacú le daoine a easáitíodh de dheasca an chogaidh, san Úcráin agus san Aontas Eorpach araon, lena n-áirítear trí chúnamh airgeadais solúbtha leordhóthanach a thabhairt do na Ballstáit sin a bhfuil an t-ualach is mó orthu ó thaobh chostais leighis, oideachais agus mhaireachtála na ndídeanaithe.

## II. AN MEÁNOIRTHEAR

16. Is cúis mhór imní don Chomhairle Eorpach an géarú suntasach míleata atá tagtha ar chúrsaí sa Mheánoirthear agus an baol a bhaineann leis sin don réigiún ar fad. Iarrann sí ar na páirtithe uile dianghuaim a chur orthu féin, deireadh a chur leis an gcogaíocht láithreach agus cloí go hiomlán leis an dlí idirnáisiúnta, an dlí daonnúil idirnáisiúnta san áireamh. Tá an tAontas Eorpach lántiomanta cabhrú leis an lasóg a bhaint den bharrach agus an teannas a laghdú.

17. Tá an tAontas Eorpach tiomanta i gcónaí leanúint dá chúnamh riachtanais-bhunaithe a chur ar fáil do mhuintir an Mheánoirthir agus aird ar leith á tabhairt ar na daoine is leochailí, agus a rannpháirtíocht dhaonnúil a mhéadú i bhfianaise na riachtanais a bheith ag dul i méid.

18. Cáineann an Chomhairle Eorpach go neamhbhalbh na hionsaithe a rinne an Iaráin ar Iosrael an 1 Deireadh Fómhair 2024 agus cáineann sí freisin gníomhaíochtaí fíordhíchobhsaitheacha na hIaráine ar fud an Mheánoirthir trí ghrúpaí sceimhlitheoireachta agus armtha – lena n-áirítear na Houthi, Hezbollah agus Hamas – ar bagairt thromchúiseach iad ar an gcobhsaíocht réigiúnach. Athdhearbhaíonn sí an ceart atá ag Iosrael é féin a chosaint agus an tiomantas atá ag an Aontas Eorpach do shlándáil Iosrael agus do chobhsaíocht an réigiúin. Ní mór do na páirtithe uile an dlí daonnúil idirnáisiúnta a urramú agus ní mór deireadh a chur le timthriall contúirteach na n-ionsaithe agus na bhfrithbheart.

19. Cuireann an Chomhairle Eorpach in iúl gur cúis mhór imní di an géarú míleata sa Liobáin, agus gur saoth léi líon nach féidir glacadh leis de thaismeach sibhialtach, an t-easáitiú éigeantais atá mar thoradh ar an bhforéigean méadaitheach agus úsáid leanúnach fornirt mhíleata. Meabhraíonn sí gur gá a áirithiú go gcosnófar sibhialtaigh i gcónaí, nach ndíreofar ar an mbonneagar sibhialtach agus go n-urramófar an dlí idirnáisiúnta. Ní mór do Hezbollah stop a chur le hionsaithe roicéad. Ní mór ceannasacht agus iomláine chríochach na Liobáine a urramú. Iarrann an Chomhairle Eorpach go mbeadh sos cogaidh láithreach ann ó cheann ceann na Líne Goirme agus go gcuirfí Rún 1701 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe chun feidhme go hiomlán agus go siméadrach. Iarrann sí freisin ar na comhpháirtithe uile freagairt don ghéarchéim dhaonnúil sa Liobáin, géarchéim atá ag dul i méid in aghaidh an lae. Leanfaidh an tAontas Eorpach de thacaíocht a chur ar fáil do na daoine sin atá thíos leis, lena n-áirítear dídeanaithe, daoine atá easáitithe ina dtír féin agus na pobail óstacha. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach gur gá na dálaí a bhaint amach lena mbeifear in ann dídeanaithe ón tSiria a fhilleadh ar bhonn sábháilte, deonach, díniteach, dálaí arna sainiú ag Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe. Athdhearbhaíonn sí go dtacaíonn an tAontas go láidir le hinstitiúidí stáit na Liobáine, lena n-áirítear Fórsaí Armtha na Liobáine. Rannchuideoidh an Chomhdháil Idirnáisiúnta mar thaca le muintir agus ceannasacht na Liobáine, atá le bheith ar siúl i bPáras an 24 Deireadh Fómhair 2024, leis an iarracht sin. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar chomhpháirtithe uile na Liobáine rannchuidiú le Fórsaí Armtha na Liobáine a neartú agus athdhearbhaíonn sí go bhfuil an tAontas réidh chun comhordú idirnáisiúnta na n-iarrachtaí sin a éascú de réir mar is iomchuí.

20. Cáineann an Chomhairle Eorpach na hionsaithe ar Fhórsa Eatramhach na Náisiún Aontaithe sa Liobáin (UNIFIL), rud a d'fhág gur gortaíodh roinnt coimeádaithe síochána. Is sárú tromchúiseach ar an dlí idirnáisiúnta iad na hionsaithe sin; tá siad go hiomlán do-ghlactha agus ní mór deireadh a chur leo láithreach bonn. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach go bhfuil sé d'oibleagáid ar na gníomhaithe uile na bearta riachtanacha a dhéanamh chun sábháilteacht agus slándáil phearsanra agus mhaoin na Náisiún Aontaithe a áirithiú agus chun dosháraitheacht áitribh na Náisiún Aontaithe a urramú i gcónaí. Tacaíonn an Chomhairle Eorpach le ról bunúsach cobhsaitheach UNIFIL i nDeisceart na Liobáine, agus iarrann sí ar na páirtithe uile misean tábhachtach UNIFIL a chosaint agus tacú leis an misean sin. Tathantaíonn an Chomhairle Eorpach ar na páirtithe uile seasamh go hiomlán lena n-oibleagáidí sábháilteacht agus slándáil phearsanra UNIFIL a ráthú i gcónaí, agus ligean do UNIFIL leanúint dá shainordú a chur chun feidhme.

21. Tar éis chothrom lae tragóideach ionsaithe brúidiúla Hamas ar Iosrael an 7 Deireadh Fómhair 2023, cáineann an Chomhairle Eorpach go neamhbhalbh arís na gníomhartha foréigin gan údar sin a rinneadh d'aon ghnó agus seasann sí le teaghlaigh na n-íospartach agus leis na gialla a thóg Hamas.

22. Iarann an Chomhairle Eorpach an athuair go bhfógrófaí sos cogaidh láithreach in Gaza, go scaoilfí saor gan choinníoll gach giall, go gcuirfí feabhas práinneach ar an rochtain ar chabhair dhaonnúil agus go leanfaí de dháileadh na cabhrach sin ar an mórchóir ar fud Gaza, agus go gcuirfí deireadh marthanach leis an gcogaíocht, i gcomhréir le Rún 2735 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Chuige sin, tacaíonn sí le hiarrachtaí idirghabhála na hÉigipte, Chatar agus na Stát Aontaithe. Aithníonn sí freisin ról lárnach na hIordáine maidir leis an lasóg a bhaint den bharrach agus leagann sí béim ar a thábhachtaí atá cobhsaíocht agus slándáil na hIordáine agus na hÉigipte agus a dteorainneacha. Is olc leis an gComhairle Eorpach líon do-ghlactha na dtaismeach sibhialtach, go háirithe mná agus leanaí, in Gaza agus sa Bhruach Thiar, chomh maith le leibhéil thubaisteacha an ocrais agus an garbhaol gorta arb í neamhleordhóthanacht na cabhrach chuig Gaza is cúis leis. Meabhraítear di freisin gur gá na horduithe ón gCúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta a chur chun feidhme ina n-iomláine.

23. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach na conclúidí uaithi i mí an Mheithimh 2024 agus cáineann sí go láidir an géarú breise atá tagtha ar an staid ar an mBruach Thiar, Iarúsailéim Thoir san áireamh, i ngeall ar fhoréigean méadaithe na lonnaitheoirí, leathnú na lonnaíochtaí neamhdhleathacha agus oibríocht mhíleata Iosrael. Iarrann sí ar an gComhairle leanúint den obair ar bhearta sriantacha breise a dhéanamh i gcoinne lonnaitheoirí antoisceacha agus i gcoinne na n-eintiteas agus na n-eagraíochtaí a thacaíonn leo.

24. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach tiomantas buanseasmhach an Aontais Eorpaigh do shíocháin chóir chuimsitheach mharthanach bunaithe ar réiteach an dá stát chomh maith le tacaíocht an Aontais d'Údarás na Palaistíne chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais is práinní atá aige agus chun tacú lena chlár oibre don athchóiriú. Tacóidh an tAontas Eorpach go gníomhach lena chomhpháirtithe idirnáisiúnta agus rachaidh sé i dteagmháil leo ar bhealach gníomhach maidir le céimeanna nithiúla dochúlaithe i dtreo réiteach an dá stát, lena ndéantar próiseas polaitiúil a athbheochan chuige sin, lena n-áirítear trí chomhdháil idirnáisiúnta síochána a thionól a luaithe is féidir. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a ríthábhachtaí atá sé don phróiseas polaitiúil sin go mbeadh conair inchreidte ag an bPalaistín chun bheith ina stát.

25. Dearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a tacaíocht iomlán bhuanseasmhach d'Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe. Níor cheart a rá in áit ar bith gur *persona non grata* é Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a ríthábhachtaí atá ról na Náisiún Aontaithe agus a ngníomhaireachtaí, go háirithe UNRWA a thugann tacaíocht ríthábhachtach don phobal sibhialtach, in Gaza agus sa réigiún máguaird. Tá sé ríthábhachtach go leanfaí de Phlean Gníomhaíochta UNRWA a chur chun feidhme. Cáineann an Chomhairle Eorpach aon iarracht a dhéanfaí comhaontú 1967 idir Iosrael agus UNRWA a chur ó mhaith nó aon iarracht a dhéanfaí ar bhealach eile bac a chur ar chumas na gníomhaireachta a sainordú a fheidhmiú.

26. Phléigh an Chomhairle Eorpach an staid sa Mhuir Rua freisin agus iarrann sí ar na Houthi deireadh a chur láithreach leis na hionsaithe uile agus a ligean go bhféadfaí an tslándáil mhuirí a athbhunú. Leagan sí béim ar a ríthábhachtaí atá rannchuidiú EUNAVFOR ASPIDES agus EUNAVFOR ATALANTA chun an tslándáil mhuirí agus an tsaoirse loingseoireachta a chur chun cinn.

## III. ORD IDIRNÁISIÚNTA RIAIL-BHUNAITHE A ÁIRITHIÚ

27. Tráth a bhfuil coinbhleacht agus teannas méadaithe ann, mar aon le treocht scanrúil neamhaird a thabhairt ar an dlí idirnáisiúnta, athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil sí tiomanta go daingean don iltaobhachas éifeachtach agus don ord idirnáisiúnta riail-bhunaithe a bhfuil na Náisiúin Aontaithe ina chroílár, agus tacaíocht á tabhairt go diongbháilte aici do Chairt na Náisiún Aontaithe agus do na rialacha agus na prionsabail a chumhdaítear i gCairt na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear prionsabail na ceannasachta, na hiomláine críochaí, an neamhspleáchais pholaitiúil agus an fhéinchinntiúcháin.

28. Tá an Chomhairle Eorpach tiomanta i gcónaí deireadh a chur leis an tsaoirse ó phionós agus an chuntasacht a áirithiú i leith sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta, ar fud an domhain, agus meabhraítear di a thábhachtaí atá sé tacú le cinntí na gcúirteanna idirnáisiúnta agus iad a chur chun feidhme.

29. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur glacadh an Comhshocrú don Todhchaí, arb é is aidhm dó athbheocht a chur sa chóras iltaobhach agus na Náisiúin Aontaithe a chur in oiriúint don todhchaí.

## IV. AN TIOMAÍOCHAS

30. Mar obair leantach ar na conclúidí uaithi i mí Aibreáin 2024, agus i gcomhréir le Clár Oibre Straitéiseach 2024-2029, iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí iarrachtaí breise chun iomaíochas an Aontais a fheabhsú, a athléimneacht eacnamaíoch a neartú, a athnuachan tionsclaíoch a dhaingniú agus acmhainneacht iomlán an mhargaidh aonair a bhaint amach, lena n-áiritheofar an cothrom iomaíochta go hinmheánach agus ar fud an domhain araon. Tarraingíonn sí aird ar a phráinní atá sé gníomhaíocht éifeachtach a dhéanamh.

31. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar institiúidí uile an Aontais, ar na Ballstáit agus ar na páirtithe leasmhara, an obair a thabhairt ar aghaidh mar ábhar tosaíochta, go háirithe mar fhreagairt ar na dúshláin a sainaithníodh sna tuarascálacha ó Enrico Letta [*Much more than a market* (I bhfad níos mó ná margadh)] agus ó Mario Draghi [*The future of European competitiveness* (Todhchaí iomaíochas na hEorpa)].

32. Tabharfar aghaidh ar an ábhar sin ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil i mBúdaipeist i mí na Samhna agus leanfaidh an Chomhairle Eorpach de threoir straitéiseach a thabhairt go rialta d'fhonn a áirithiú go gcuirfear comhaontú uaillmhianach iomaíochais an Aontais chun feidhme.

33. Bhí plé ag an gComhairle Eorpach maidir leis na moltaí comhtháite tírshonracha mar a pléadh sa Chomhairle iad, agus dá bhrí sin, is féidir bailchríoch a chur anois ar Sheimeastar Eorpach 2024.

## V. <u>AN IMIRCE</u>

34. Bhí plé cuimsitheach straitéiseach ag an gComhairle Eorpach maidir le gach gné den imirce agus ar fud na mbealaí uile. Meabhraítear di gur dúshlán Eorpach í an imirce a dteastaíonn freagairt Eorpach ina leith.

35. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle, ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún an obair a neartú ar gach snáithe gníomhaíochta sa chur chuige cuimsitheach i leith na himirce a leagadh amach i mí Feabhra 2023. Tugann sí dá haire an litir a scríobh Uachtarán an Choimisiúin ar na mallaibh. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé reachtaíocht an Aontais a glacadh a chur chun feidhme agus an reachtaíocht atá ann cheana a chur i bhfeidhm, chun aghaidh a thabhairt ar an mbealach is fearr ar na dúshláin atá ann faoi láthair.

36. Ina theannta sin, iarrann an Chomhairle Eorpach go bhfeabhsófaí an comhar le tíortha tionscnaimh agus idirthurais, trí bhíthin comhpháirtíochtaí cuimsitheacha comhthairbheacha, chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna agus chun an gháinneáil agus an smuigleáil a chomhrac d'fhonn básanna a sheachaint agus le nach gcuirfí tús le turais neamhrialta. Gné thábhachtach i ndáil leis sin is ea go mbeadh tíortha comharsanacha á n-ailíniú féin leis an mbeartas víosaí. Ar mhaithe le himirce rialta ordúil, is den ríthábhacht go mbeadh bealaí sábháilte dleathacha ann a bheadh i gcomhréir le hinniúlachtaí náisiúnta.

37. Iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí gníomhaíocht dhiongbháilte ar gach leibhéal chun filltí ón Aontas Eorpach a éascú, a mhéadú agus chun dlús a chur leo, agus leas á bhaint as beartais, ionstraimí agus uirlisí ábhartha uile an Aontais, lena n-áirítear taidhleoireacht, forbairt, trádáil agus víosaí. Iarrann sí ar an gCoimisiún togra reachtach nua a thíolacadh, mar ábhar práinne.

38. Ní féidir ligean don Rúis, don Bhealarúis ná d'aon tír eile mí-úsáid a bhaint as ár luachanna, lena n-áirítear an ceart chun tearmainn, agus ní féidir ligean dóibh an bonn a bhaint dár ndaonlathais. Cuireann an Chomhairle Eorpach a dlúthpháirtíocht leis an bPolainn agus leis na Ballstáit a bhfuil na dúshláin sin os a gcomhair in iúl. Is gá bearta iomchuí i staideanna eisceachtúla. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach a rún daingean rialú éifeachtach ar theorainneacha seachtracha an Aontais a áirithiú trí gach modh atá ar fáil, lena n-áirítear le tacaíocht ón Aontas Eorpach, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta. Athdhearbhaíonn sí go bhfuil sí tiomanta cur i gcoinne ionstraimiú imirceach arna dhéanamh chun críoch polaitiúil.

39. Ina theannta sin, ba cheart féachaint ar bhealaí nua chun an imirce neamhrialta a chosc agus a chomhrac, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta.

40. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach a thábhachtaí atá dea-fheidhmiú limistéar Schengen, i gcomhréir le Cód Teorainneacha Schengen athbhreithnithe.

41. Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar an ábhar.

## VI. <u>POBLACHT NA MOLDÓIVE</u>

42. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar an tacaíocht dhaingean atá á tabhairt ag an Aontas Eorpach do Phoblacht na Moldóive agus dá conair aontachais. Molann sí tiomantas comhsheasmhach údaráis Phoblacht na Moldóive don phróiseas athchóiriúcháin agus iarrann sí orthu na hathchóirithe a shaothrú agus athléimneacht agus cobhsaíocht na tíre a neartú.

43. Cáineann an Chomhairle Eorpach an úsáid leanúnach atá á baint ag an Rúis as ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis chun iarracht a dhéanamh an bonn a bhaint de thoghcháin dhaonlathacha agus den rogha atá déanta ag muintir na Moldóive le haghaidh todhchaí rathúil chobhsaí shíochánta san Eoraip.

44. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur glacadh an tríú pacáiste smachtbhannaí i gcoinne na ndaoine atá freagrach as gníomhaíochtaí darb aidhm ceannasacht agus neamhspleáchas Phoblacht na Moldóive a dhíchobhsú, an bonn a bhaint díobh nó iad a chur i mbaol. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a tiomantas buanseasmhach do cheannasacht agus d'iomláine chríochach Phoblacht na Moldóive.

## VII. AN TSEOIRSIA

45. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil an tAontas faoi réir le tacú le muintir na Seoirsia agus iad ar a gconair Eorpach. Ag an am céanna, athdhearbhaíonn sí gur cúis mhór imní di na bearta a rinne rialtas na Seoirsia, a thagann salach ar na luachanna agus na prionsabail ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe.

46. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach go gcuireann na bearta sin conair na Seoirsia chuig an Aontas i mbaol agus go gcuireann siad stad *de facto* leis an bpróiseas aontachais. Iarrann sí ar an tSeoirsia athchóirithe daonlathacha cuimsitheacha inbhuanaithe a ghlacadh, i gcomhréir le croíphrionsabail an lánpháirtithe Eorpaigh. Leanfaidh an Chomhairle Eorpach de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar chúrsaí.

47. Tá an Chomhairle Eorpach ag dréim go mbeidh na toghcháin pharlaiminteacha atá ar na bacáin saor agus cothrom, i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta agus go mbeidh rochtain gan bhac ag breathnóirí toghcháin idirnáisiúnta agus intíre orthu. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé meáin shaora, neamhspleácha, iolraíocha a chosaint.

48. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach tacaíocht bhuanseasmhach an Aontais Eorpaigh do cheannasacht, neamhspleáchas agus iomláine chríochach na Seoirsia laistigh dá teorainneacha mar a aithnítear go hidirnáisiúnta iad. Leagann sí béim ar thiomantas leanúnach an Aontais Eorpaigh do réiteach síochánta coinbhleachtaí agus ar a bheartas maidir le neamh-aitheantas agus rannpháirtíocht.

## VIII. AN CAIDREAMH SEACHTRACH

### *An tSúdáin*

49. Cuireann an Chomhairle Eorpach in iúl gur cúis an-mhór imní di an staid dhaonnúil thubaisteach is toradh don choinbhleacht sa tSúdáin agus cáineann sí go géar an chaoi a bhfuiltear ag díriú, go díreach neamh-idirdhealaitheach, ar shibhialtaigh, rud a dhéanann gur measa arís an ghéarchéim dhaonnúil. Ní mór do na páirtithe uile cloí lena gcuid oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta sibhialtaigh a chosaint agus an rochtain dhaonnúil a éascú. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach an iarraidh phráinneach a rinne sí ar gach páirtí sa choinbhleacht deireadh a chur láithreach leis an gcogaíocht chun teacht ar réiteach inbhuanaithe ar an gcoinbhleacht trí idirphlé. Leanfaidh an tAontas Eorpach de thacaíocht dhaonnúil a sholáthar agus iarrann sé ar an gcomhphobal idirnáisiúnta na gealltanais a tugadh ag an gComhdháil Idirnáisiúnta Dhaonnúil don tSúdáin agus dá tíortha comharsanacha a chomhlíonadh gan mhoill.

### *Veiniséala*

50. Is cúis mhór imní don Chomhairle Eorpach i gcónaí an staid i Veiniséala agus na sáruithe ar chearta an duine a tuairiscíodh tar éis thoghchán uachtaránachta an 28 Iúil 2024. Tathantaíonn sí ar údaráis Veiniséala toil dhaonlathach mhuintir Veiniséala a urramú agus deireadh a chur leis an bhforéigean, leis an gcos ar bolg, agus le ciapadh an fhreasúra agus na sochaí sibhialta. Ní mór gach príosúnach polaitiúil a scaoileadh saor. Ní ghlacfar le haon torthaí ná ní aithneofar aon torthaí nach torthaí iomlána iad atá infhíoraithe go neamhspleách. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag obair lena chomhpháirtithe réigiúnacha chun tacú le muintir Veiniséala i dtaobh a mianta daonlathacha. Tá sé faoi réir chun tacú le haistriú cuiditheach cuimsitheach ina mbeidh ráthaíochtaí don dá thaobh, chun sáinn pholaitiúil na tíre a réiteach agus chun institiúidí daonlathacha a athbhunú go síochánta. Tá an tAontas Eorpach faoi réir na hionstraimí uile atá ar fáil dó a úsáid chun tacú leis an daonlathas i Veiniséala. Ní mór d'údaráis Veiniséala deireadh a chur leis na cúisimh i gcoinne thíortha an Aontais, cúisimh nach bhfuil bunús ar bith leo, agus Coinbhinsiúin Vín ar Chaidreamh Taidhleoireachta agus Consalachta a urramú go hiomlán, agus rochtain iomlán gan bac ar sheirbhísí consalacha á tabhairt ag an am céanna do shaoránaigh Eorpacha atá á gcoinneáil i Veiniséala.

***Maracó***

51. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire na breithiúnais a thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh le déanaí maidir le comhaontuithe 2019 idir an tAontas agus Maracó. Leanfaidh an Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle de bheartas eachtrach a shainiú i gcomhréir leis na Conarthaí. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach gur mór ag an Aontas an chomhpháirtíocht straitéiseach le Maracó agus athdhearbhaíonn sí gur gá an dlúthchaidreamh le Maracó a chaomhnú agus a neartú a thuilleadh i ngach réimse den chomhpháirtíocht idir Maracó agus an tAontas.

***Háítí***

52. Is cúis mhór imní don Chomhairle Eorpach i gcónaí an staid i Háítí. Iarrann sí go n-imscarfar go hiomlán an Misean Tacaíochta Slándála Ilnáisiúnta chun cabhrú le Póilíní Náisiúnta Háítí foréigean droinge a chomhrac agus chun cabhrú leis an smacht reachta a athbhunú. Iarrann sí freisin go gcuirfí smachtbhannaí spriocdhírithe nua ar dhaoine aonair agus ar eintitis atá freagrach as an bhforéigean, chun rannchuidiú le hathbhunú na síochána, na slándála, na cobhsaíochta, an daonlathais agus an smachta reachta i Háítí.

## IX. MÍREANNA EILE

***Bagairtí hibrideacha***

53. Cáineann an Chomhairle Eorpach go géar feachtas gníomhaíochtaí hibrideacha na Rúise atá dírithe ar an Aontas Eorpach, a Bhallstáit agus a chomhpháirtithe agus atá ag dul i ndéine. Is díol sásaimh di gur glacadh bearta sriantacha an Aontais i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise. Leanfaidh an tAontas Eorpach agus na Ballstáit dá n-athléimneacht a neartú agus bainfidh siad leas iomlán as Bosca Uirlisí Hibrideach an Aontais chun gníomhaíochtaí hibrideacha na Rúise a chosc, a dhíspreagadh agus chun freagairt orthu.

***Praghsanna arda fuinnimh***

54. Phléigh an Chomhairle Eorpach an staid de bharr ardphraghsanna luaineacha an leictreachais i gcodanna áirithe den Eoraip agus iarrann sí ar an gCoimisiún bearta a mholadh go práinneach chun aghaidh a thabhairt ar an gceist sin.

***Comhdhálacha na bPáirtithe i gCoinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe***

55. Rinne an Chomhairle Eorpach a marana ar na hullmhúcháin do Chomhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide in Baku na hAsarbaiseáine (COP29), do Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht in Cali na Colóime (COP16), agus do Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún chun an gaineamhlú a chomhrac in Riyadh na hAraibe Sádaí (COP16), agus iarrann sí go ndéanfaí gníomhaíocht uaillmhianach i bhfianaise na díobhála agus an tsuaite méadaithí i ngeall ar an athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta, gaineamhlú, díghrádú talún agus an truailliú. Mar léiriú ar a dlúthpháirtíocht dhomhanda, athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil an tAontas tiomanta na spriocanna maoiniúcháin a bhaint amach, agus iarrann sí ar thríú tíortha a sciar féin a chur ar fáil freisin.

***Gach cineáil idirdhealaithe a chomhrac***

56. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur formheasadh an dearbhú ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2024 maidir le saol na nGiúdach a chothú agus an frithsheimíteachas a chomhrac. Athdhearbhaíonn sí gur díol mór imní di na teagmhais scáfara a bhí ann le déanaí agus cáineann sí go fíorghéar gach cineál idirdhealaithe, lena n-áirítear an frithsheimíteachas, an fuath i leith Moslamach, an éadulaingt, an ciníochas agus an tseineafóibe.